An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2018**
**(OR. en)**

**EUCO XT 20022/18**

**BXT 131**
**CO EUR 32**
**CONCL 9**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (Airt. 50) (13 Nollaig 2018) - Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí[1] i gceangal leis seo na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach (Airt. 50) ag an gcruinniú thuas.

---

1 Tar éis fógra a thabhairt faoi Airteagal 50 CAE, ní bheidh an comhalta den Chomhairle Eorpach a ionadaíonn don Bhallstát a bheidh ag tarraingt siar rannpháirteach i bpléítí na Comhairle Eorpaí ná i gcinntí ón gComhairle Eorpach a bhaineann leis an mBallstát sin.

1. Is mian leis an gComhairle Eorpach athdhearbhú a dhéanamh ar na conclúidí a ghlac sí ar an 25 Samhain 2018, inar fhormhuinigh sí an Comhaontú um Tharraingt Siar agus inar fhormheas sí an Dearbhú Polaitiúil. Seasann an tAontas leis an gcomhaontú sin agus tá rún aige é a dhaingniú. Ní bheidh aon athchaibidil ann.

2. Is mian leis an gComhairle Eorpach a athdhearbhú gurb áil léi caidreamh a bhunú feasta leis an Ríocht Aontaithe a bheidh chomh dlúth agus is féidir mar chaidreamh. Tá sí ar tinneall le tabhairt faoin obair ullmhúcháin ach a síneofar an Comhaontú um Tharraingt Siar ionas gur féidir dul i mbun caibidlíochta a luaithe is féidir tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe.

3. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis gur mar chúl cosanta a cuireadh an cúlstop ann chun go seachnófaí teorainn chrua ar oileán na hÉireann agus chun sláine an Mhargaidh Aonair a áirithiú. Is de dhiantiomantas an Aontais oibriú go gasta ar chomhaontú dá éis seo lena mbunófar socruithe malartacha, faoin 31 Nollaig 2020, ionas nach gcaithfear an cúlstop a ghníomhachtú.

4. Ina theannta sin, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis dá ngníomhachtófaí an cúlstop in ainneoin na n-ainneoin, nach mbeadh aige ach feidhm shealadach mura ngabhfadh, agus go dtí go ngabhfadh, comhaontú dá éis sin ina ionad, comhaontú a chinnteodh go seachnófaí teorainn chrua. Sa chás sin, dhéanfadh an tAontas a sheacht ndícheall comhaontú nua a chaibidil agus a thabhairt i gcrích go pras a chuirfí in ionad an chúlstop, agus bheadh sé ag súil leis an rud céanna ón Ríocht Aontaithe, rud a d'fhágfadh nach mbeadh an cúlstop i bhfeidhm ní b'fhaide ná ba ghá.

5. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ngéarófaí, ar gach leibhéal, ar an obair ullmhúcháin do na hiarmhairtí a leanfaidh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe, agus go gcuirfí san áireamh san obair sin gach toradh féideartha.